# DUILLEOG

**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh. 16 Earrach 2011

## Gradam

Bhí ócáid cheiliúrtha bhliantúil Bhord na Contae den Chumann Lúthchleas Gael ar siúl in Óstán Jacksons, Bealach Féich i mí Márta. Le linn na hoíche rinneadh bronnadh ar Chaitlín Ní Dhuibhir (Caitlín Joe Jack) as Gaoth Dobhair agus stiúrthóir an Chrann Óg as a saothar don cheol agus do sheirbhísí chultúrtha sa cheantar.

Chuir an Crann Óg ceol ar fáil ar an oíche chomh maith .

Ár gcomhgháirdeas léithe.



Alan Ó Baoid, Oifigeach Gaeilge C.L.G ag déanamh an bhronnadh ar Chaitlín



An tEasbog Ó Buaidhe leis an Chrann Óg



Caitlín lena mac Fionnán agus a fear céile Seán



# An Oíche Ceoil



An Giotár

Bhí oíche mhór ceoil ag Ranganna Ceoil na Crannóige Dé hAoine 11 Márta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Seo an oíche a raibh seans ag an dream óg atá ag teacht aníos óna ranganna dhul ar ardán iad féin le-na gcumas ceoil á léiriú don pho-bal. Bhí siad go maith. Comhghairdeas leo agus leis na múinteoirí.



Na Ceoltóirí Óga




An Consairtín






An Fhidil



An Grúpa Mór




Na Fídeoga




Na Bocsaí Ceoil



An Maindilín



An lucht éisteachta san Acadamh



John agus TG4!

# Paráid na Féile Pádraig

D'éirigh go maith le Paráid na Féile Pádraig a bhí iontach mór arís i mbliana. Bhí lá tirim gréine ann agus chuir sé fonn ar na daoine uilig idir shean agus óg a theacht amach le páirt a ghlacadh ann.

Is cinnte go raibh sé ar an Pharáid is mó sa taobh seo tí-re ar an lá.

Comhghairdeas le gach dream a ghlac páirt ann agus leis an lucht eagair. Ba chóir don phobal a bheith bródúil astu.


Bord na nÓg C.L.G


Lucht an Cheoil



Na Cuairteoirí as Meiriceá


An Crann Óg



Gerry lena Bhocsa Ceoil



Naomh Pádraig Aspal Mór na hÉireann

# ar lean



Lucht féachana na Crannóige



Naomh Pádraig ar a chapall



Rosie agus Buíonn Cheoil Rann na Feirste



An lucht féachana



Bernie agus Conor agus cuidiú maith leo



Óige na Gaeltachta

# Gael Factor 2011

**Comhghairdeas le Bailéid Ghrúpa na Crannóige a fuair an dara háit i gcomórtas 'Gael Factor' Óige na Gaeltachta i mbliana. Ba é Peadar Ó Maoláin ó Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh a rinne an bronnadh a bhí ar siúl i halla na paróiste i nGort a Choirce. Maith sibh agus dathanna Gaoth Dobhair oraibh!**







1. An Bailéad Ghrúpa le Peadar Ó Maoláin.
2. An lucht éisteachta sa Halla i nGort a'Choirce
3. Eva Ní Dhoibhlin, Meadhb Nic Giolla Bhríde, Caoimhe Breathnach, Ciara Nic Aoidh, Mary Ní Ghallchóir, Niamh Ní Bhaoill, Catríona Gribbon, Éimear Nic Giolla Chomhaill, Anthony Barrett, Gráinne Ní Ghallchóir, Caoimhe Ní Dhochartaigh, Mary-Kate Barrett, Megan Nic Fhionnghaile, Cathal Ó Curráin



## An Lá Glantacháin sa Pharóiste

Ar mbuíochas do achan duine a tháinig amach Dé Sathairn 2 Aibreán le cuidiú agus comh oibriú linn leis an ghlanadh ar an lá.

Beidh cuma níos fearr ar an Pharóiste da bharr.

Go raibh maith agaibh uilig.

Ní neart go cur le chéile.

## Éigse Uladh 2011

Gaoth Dobhair

13 - 15 Bealtaine 2011

# AN BÉAL BINN

Comórtas Aithriseoireachta do dhaoine óga
16 Aibreán
i bPobalscoil Ghaoth Dobhair
Eolas ó Noel Ó Gallchóir,
Gort a' Choirce
074 91 35305

## Glór na nGael

Comhghairdeas leo ar Ócáid Cheiliúrtha 50 bliain a bhunaithe

agus

Bronnadh na nDuaiseanna 2010

Dé Sathairn 16 Aibreán 2011

Óstán Carton House Manuad, Co Chill Dara

Tá muid ar an ghearr li-osta don phríomh dhuais.

## An Chrannóg

An óige i mbun ealaíon sa Chrannóg



# Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

An Chrannóg

Lá Foscailte le taispeántais

Dé Ceadaoine 20 Aibreán ón 12.00—4.00 i.n.

Beidh fáilte roimh an phobal.

## Fáilte

Cuireann an Comharchumann fáilte mhór roimh an fhógra go mbeidh Leabharlann na Gaeltachta in Áislann Ghaoth Dobhair ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair á fhoscladh don phobal i mí na Bealtaine.

Lena chois sin cuireann muid ar ndeá mhéin chuig Máire Uí Bhaoill as Machaire Chlochair a d'éirigh as a cuid oibre mar an leabharlannaí i nGaoth Dobhair le gairid.

Guímid saol fada agus sláinte mhaith duit a Mháire sna blianta atá le theacht.

## An Cumann Cairdeas An Crann Órga



An grúpa ag seisiún 'Yoga' sa Chrannóg

## AN CHÁISC

Carghas amuigh sonas istigh a deir an seanfhocal

Guíonn muid Cáisc mhaith daoibh uilig



Sláinte an bhradáin chugat: croí folláin agus gob fliuch

Glór na nGael

Foras na Gaeilge